

## Roinnt spreagcheistean: **An Coiste Gaeilge**

Ar smaoinigh an scoil ar choiste Gaeilge a chur le chéile?

Cén ról a bheidh ag an gcoiste i gcur i bhfeidhm Polasaí Labhairt na Gaeilge

Cé a bheidh ar an gcoiste agus cén fáth?

An bhfuil an fhís chéanna do theanga an tsóisialaithe ag an gcoiste agus atá ag an bhfoireann agus ag an mBord Bainistíochta?


Cén tionchar/ról atá ag an gcoiste ar theanga an tsóisialaithe sa scoil?

Cad iad na dúshlán shóisialaithe teanga faoi láthair, dar leis an gcoiste?

Cé a ghlacann freagracht as an ngné seo de Pholasaí Labhairt na Gaeilge?

Conas atá ag éirí leis an gcoiste leis an ngné seo d'éiteas na scoile a chur chun cinn?

## Roinnt spreagsmaointe: **An Coiste Gaeilge**



8

Ceanróidithe agus ceannasaíthe teanga a aithint trí shuirbhé ar thuismitheoirí féachaint an mbeidís sásta tacaíocht teanga a chur ar fáil do thuismitheoirí eile.

9

Suirbhé agus ceistneoirí a scaipeadh ar na daltaí le húsáid na Gaeilge sa scoil a mheas. Tabharfaidh sé seo treoir do Pholasáí Labhairt na Gaeilge.

16

Tuairisciú don phobal ar obair an Choiste – mar chuid den nuachtlitr, ar an suíomh gréasáin, trí bhlaganna, ag cruinnithe nó eile.

10

Cairt / Conradh teanga a chruthú a bheidh feiceálach ar bhallaí na scoile – i. sainmheon teanga na scoile, na haidhmeanna, ról agus cur chuige uile na scoile i leith labhairt na Gaeilge.

15

Ceannasaíocht a ghlacadh as clár a fhorbairt a thacóidh le forbairt teanga na dtuismitheoirí.

14

Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí a éascú agus a spreagadh de réir leibhéil éagsúla. Sa chás nach bhfuil d'acmhainn ag an scoil iad a mhaoiniú, d'fhéadfaí ranganna a fhiosrú leis an Oifig Pleanála Teanga áitiúil nó le heagraíochtaí Gaeilge eile.

11


Duine a ainmniú le bheith mar cheannasaí ar an gCairt.

13

Moltar, más ann don spás, spás Gaeilge nó 'Tearmann Teanga' a bhunú do thuismitheoirí, áit le haghaidh caint, caife agus fiú léitheoireacht Ghaeilge le páistí níos óige faoina gcúram agus iad ag fanacht ar pháistí a phiocadh suas.

12

Moltar go mbeadh gach tuismitheoir /dalta eolach ar aidhmeanna na Cairte agus í a ghlacadh chucu féin mar sprioc phearsanta agus sprioc chomhaontaithe idir iad féin agus tuismitheoirí / daltaí / foireann na scoile.



### Nod don eolach!

Tá an suíomh [www.irishforparents.ie](http://www.irishforparents.ie) cruthaithe ag Gaeloideachas le cúnaimh teanga a thabhairt do thuismitheoirí!?



Le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge - tuairimí, moltaí agus gníomhartha aontaithe a thagann aníos sa phlé:-



---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

Nach bhfuil le cur i bPolasaí Labhairt na Gaeilge (agus réasúnaíocht): moltar a áireamh anseo céard nach gcuimseofar sa pholasaí ag an tráth seo, agus an chúis leis sin. Cabhróidh sé seo leis an bplé a éascú amach anseo agus Polasaí Labhairt na Gaeilge á athnuachan.



---

---

---

---

